Preas-Ráiteas

D'fhéadfadh sé tarlú duitse!

Is í seo an teachtaireacht chrua maidir le sábháilteacht bhóthair atá á tabhairt do scoláirí as Dún na nGall in Ionad Fóillíochta Aura i Leitir Ceanainn. Is é seo an ceathrú bliain den seó, agus is í Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar le Meitheal Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall, a reáchtálann é. Tchífidh beagnach 3,000 duine óg an dóigh a raibh deireadh truacánta tragóideach le hoíche amuigh nuair a théann stócach 17 mbliana d'aois, atá díreach i ndiaidh a cheadúnas tiomána a fháil, amach lena chairde.

Ní aisteoirí a dhéanann an seó, ach Garda, oibrí paraimhíochaine, oifigeach dóiteáin, comhairleoir éigeandála, máthair íospartaigh agus Richard Alcorn as Dún Fionnachaidh, a fágadh faoi mhíchumas i ndiaidh timpiste bóthair roinnt blianta ó shin. I rith na tráchtaireachta bíonn ceol, gearrthóga físe, fógraí teilifíse agus is é Charlie Collins ó Highland Radio fear an tí.

Dúirt Méara Chomhairle Contae Dhún na nGall, Nollaig Mac Giolla Bhríde, "Creidimid, má thugaimid pictiúr réadúil de cad é a tharlaíonn ar ár gcuid bóithre, go mbeidh tionchar mór aige ar na scoláirí a bheas i láthair agus go gcuirfidh sé in iúl dóibh *go dtig leis tarlú dóibhsean chomh maith.* Tá an seó mar chuid de choimitmint leanúnach Chomhairle Contae Dhún na nGall chun sábháilteacht bhóthair a fheabhsú sa Chontae agus díríonn sé ar an dream is mó atá i mbaol, is é sin daoine óga atá ag toiseacht amach ar an tiomáint agus a shíleann in amannaí nach dtig a dhath tarlú dóibh féin. Tá sé de chuspóir ag an seó seo tionchar dearfach a imirt ar na tiománaithe óga seo agus iad ag toiseacht amach, le cuidiú Dé, ar shaol fada sábháilte tiomána."

Tá an Ródseó leagtha amach ar dhóigh a meallfadh daoine óga. Nuair a bhaineann siad an Ródseó amach, téann siad isteach i halla atá leagtha amach mar a bheadh club oíche ann, agus an ceol is déanaí á chasadh ag DJ ráidió áitiúil. I ndiaidh tamaill bhig, athraíonn an t-atmaisféar de réir mar a théann scéal an Ródseó ar aghaidh, agus tchíonn siad an t-uafás a d'fhéadfadh a bheith os a gcomhair amach i gcás timpiste. Dúirt Éamonn Brown, Oifigeach Sábháilteachta Bóthair le Comhairle Contae Dhún na nGall: "Is cúis bhróin é go bhfuil aithne ag chóir a bheith achan duine sa chontae seo ar dhuine éigin a maraíodh nó a gortaíodh go dona i dtimpistí bóthair sa Chontae. Tugann an seó seo deis don aos óg foghlaim faoi na himpleachtaí a bhaineann le drochiompar tiomána agus tá súil againn go smaointeoidh siad go cúramach fána n-iompar tiomána agus faoi na himpleachtaí uafásacha atá le seansanna a ghlacadh ar an bhóthar.

Críoch